Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Nollaig 2022**
**(OR. en, pl)**

**16039/22**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0299(NLE)**

**SOC 691**
**EMPL 470**
**ECOFIN 1332**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach<br>– *Glacadh*<br>*- Ráiteas ó thoscaireacht na Polainne* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, ráiteas ó thoscaireacht na Polainne i ndáil leis an Moladh thuas.

## RÁITEAS Ó THOSCAIREACHT NA POLAINNE

Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le hionstraimí maidir le cearta an duine atá ceangailteach go hidirnáisiúnta agus faoi chuimsiú luachanna agus phrionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, léirmhíneoidh an Pholainn an téarma 'comhionannas inscne' mar chomhionannas idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus le hAirteagail 8 agus 157(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus aon téarma eile ina bhfuil an téarma 'inscne', léirmhíneoidh an Pholainn an téarma sin mar 'gnéas' i gcomhréir le hAirteagal 10, Airteagal 19(1) agus Airteagal 157(2) agus (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.